Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

COMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA

TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE	**2**
RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	**3 - 6**
RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA	**7 - 9**
TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA	**10 - 11**
RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	**12 - 14**
CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS	**15**
RÁITEAS FAOI CHAILLTEANAIS AGUS GNÓTHACHAIN IOMLÁN	**16**
CLÁR COMHARDAITHE	**17**
RÁITEAS FAOI SREABHADH AIRGID	**18**
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	**19 - 28**

BORD STIÚRTHÓIRÍ	An Bhantiarna O'Reilly (Cathaoirleach) J. Beecher P. O'Kelly J. Osborne D.K. Weld M. Leavy T. Stewart
RÚNAÍ NA CUIDEACHTA	J. McStay
ATURNAETHA	McCann Fitzgerald 2 Plás Mháistir an Chuain IFSC Baile Átha Cliath 2
BAINCÉIR	Banc na hÉireann Baile Chill Dara Co. Chill Dara
INIÚCHÓIRÍ	Deloitte & Touche Teach Deloitte & Touche Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2
OIFIG CHLÁRAITHE	An Tulaigh Cill Dara Co. Chill Dara
UIMHIR CHLÁRAITHE	11451

Ceann de phríomh fheidhmeanna an Chathaoirligh is ea torthaí ghnó na bliana airgeadais is déanaí a chur faoi bhráid na scairshealbhóirí. Is gaisce i gcónaí é rathúnas a fhógairt ach is mó an t-éadóchas a bhaineann le foilsiú an chaillteanais don bhliain 2008. Nochtaíonn torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 caillteanas €2.3 m roimh cháin. Is mó an difear é seo ag teacht sna sála ar leibhéal brabúis na bliana seo caite a bhí ag leibhéal nár baineadh amach riamh cheana. D'eascair an brabús sin ar dhiúscairt stoc folaíochta agus ó bhrabúis aon uaire ar dhiúscairt sócmhainní seasta. Tharla an caillteanas mar thoradh ar thitim sa leibhéal gníomhaíochta trádála agus ó chinneadh, a tógadh i bhfianaise choinníollacha an mhargaidh i láthair na huaire, athbhreithniú lagaithe a dhéanamh ar luachanna coinneála ar ár sócmhainní stoc folaíochta seasta. Ba chinneadh dosheachanta agus stuama é nuair a chuirtear an titim margaidh ollmhór i lár Mí Meáin Fhómhair 2008 san áireamh. Is cúis éadóchais é toisc gur tharla an caillteanas oibriúcháin ag tráth ina raibh na gníomhaíochtaí foluite láir shíolraíochta agus stail an chomhlachta ag léiriú torthaí an-dearfach ag eascairt as na n-infheistíochta roghnaitheacha le blianta beaga anuas, ach go háirtithe ar an ráschúrsa – an fíor thriall do chapall folaíochta.

Tá sé dosheachadta go gcaithfidh Cathaoirleach ar bith atá ann faoi láthair torthaí a fhoilsiú i gcomhthéacs chursaí eacnamaíochta agus airgeadais atá go mór trína chéile a bhfuil an oiread sin deacrachtaí ar fud iliomad tionscal cruthaithe aige. Is díol suntais dom tábhacht ár dtorthaí trádála agus mé i mbun scríofa ní hamháin mar thomhas ar ár dtorthaí trádála ach mar threoir dóibh siúd inár dtionscal a bhíonn ag saothrú chun cúnamh a thabhairt do go leor póraitheoirí a bhfuil deacrachtaí móra acu.

Tá an Tionscal Rásaíochta agus Eallach Folaíochta ar cheann de na scéalta rathúla is mó in Éirinn. Is beag réimse ar féidir le hÉire ceannas domhanda a fhógairt. Is ceannairí domhanda muid sa tionscadal mór idirnáisiúnta seo, áfach, tionscadal atá dian ar shaothar agus a chruthaíonn fostaíocht fadtéarmach dúchasach agus in bhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus onnmhairí ard luacha? Is é an táirge margaíochta deiridh ná táirge den chéad scoth atá so-ghabhálach do fhórsaí an mhargaidh agus a fhulaingíonn in amanna ina mbíonn ciorruithe. Tá Graí Náisiúnta na hÉireann, uathúil laistigh den tionscal Folaíochta Eallaigh atá faoi úinéireacht phríobháideach den chuid is mó. Foilsítear ár dtorthaí airgeadais agus is slat tomhais iad de na deacrachtaí a dtugann ár dtionscal aghaidh orthu.

Ag leibhéal an Chomhlachta leanaimid ag tógáil gníomhartha práinneacha chun na deacrachtaí trádála a cheartú trí chostais a ghearradh agus gach éifeachtúlacht a lorg, ach téigimid i dteannta rannpháirtithe eile freisin chun díriú ar na hiarmhairtí níos leithne don tionscal ar an iomlán. Ardóidh éileamh arís in imeacht ama ach caithfear acmhainnéacht ag leibhéil na táirgíochta a laghdú ar deireadh thiar mar aon le cáilíocht a choinneáil ag caighdeán an-ard. Is próiseas fadtéarmach é seo gan dabht.

Fad agus atáthar ag dul i ngleic le séasúr amháin deacair i ndáil le díolacháin colpach agus searrach in 2008 tá geallúint tugtha do dhá shliocht breise a táirgíodh ar chostas ard ag am ina raibh cúrsaí níos fearr sa timthriall táirgíochta. Is léir gan dabht go mbeidh soláthar níos mó ná éileamh don chéad dá shéasúr díolacháin eile. Léireoidh Tuairisceán na Láracha do 2010 agus 2011 a thugann líon na searrach beirthe gach bliain in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe cibé an dtiocfaidh an ceartúchán a tharlóidh níos tapa. Má thiteann líon na searrach beirthe go suntasach i 2010, agus tuilleadh fós i 2011 – méadaíonn an seans go bhféadfadh an margadh tosú ag ceartú i 2011-2012. Má choimeádann airgead duaise a bhíonn ar fáil do rásaíocht an leibhéal ag a bhfuil sé nó má mhéadaítear é go deimhin ach go háirithe sa Ríocht Aontaithe, d'fhéadfadh borradh a bheith faoin athshlánú. Ina leith sin cuirim fáilte roimh na tionscnaimh fhéinchabhracha is déanaí a cuireadh chun cinn ón taobh istigh den tionscail chun éileamh a spreagadh.

Ag leibhéal an chomhlachta agus an tionscail caithfimid díriú ar na croíluachanna a bhaineann le láracha agus staileanna ard-fheidhmíochta agus dea-chomhlíonta a cheannaítear agus a sheasann ag praghsanna tráchtála ciallmhara. Thugamar aghaidh ar an séasúr póraithe 2009 trí phraghsanna ár staileanna a laghdú agus leanaimid orainn ag obair lenár gcliaint tógála a bhfuil deacrachtaí sreabhadh airgid móra ag go leor díobh. Cheannaíomar láracha le blianta beaga anuas a bhí go mór faoi bhun shraith an phraghais is airde ag súil le lagú dosheachanta an mhargaidh.

FEIDHMÍOCHT THRÁDÁLA

Dúirt mé in athbhreithniú na bliana seo caite gurbh fhéidir cur síos ar éileamh dhíolacháin na mbromach i 2007 mar míchothrom agus roghnaitheach agus bhí mé den tuairim go bhféadfadh sé seo tuilleadh deacrachtaí a chruthú do phóraitheoirí i margadh a d'fhéadfadh a bheith ag lagú níos déanaí i 2008. Ó thaobh an chomhlachta de sholáthraíomar colpaigh den scoth ar tháinig a bhformhór díobh ó sár-láracha rásaíochta póraithe ach ba é an toradh ina iomlán ná luach díolacháin de thart ar 50% den fheidhmíocht bhuiséadaithe. Léiríodh caighdeán an bhairr mar sin féin leis an ráta glanadh de 100% i gcoinníollacha margaidh a bhí fíordheacair. Caithfear a

thabhairt san áireamh go raibh an díolachán colpach is tábhachtaí agus is cáiliúla in Éirinn, an Goffs Orby and Challenge Sales, ag a ndíolann Graí Náisiúnta na hÉireann a gcolpach, ar siúl nuair a bhí muinín an mhargaidh in ísle brí tar éis titim de 23% in innéacs FTSE i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2008.

Tugadh tacaíocht láidir dár staileanna i 2008 le táillí tréine. Tá foráil déanta againn, agus na torthaí airgeadais a ríomh, do na hiarmhairtí dosheachanta ina bhfuil póraitheoirí áirithe a cheannaigh ainmniúcháin 2008 ag teacht ar dheacrachtaí freastal ar a ndualgas airgeadais. Táimid ag obair leis na bpóraitheoirí sin chun struchtúr a thabhairt do shocruithe íocaíochtaí a thabharfaidh an toradh is fearr dóibh siúd lena mbaineann.

Éilíonn gnáis chuntasaíochta go mba chóir don bhord na luachanna leabhair foluite dár sócmhainní a choinneáil faoi athbhreithniú an t-am ar fad. Léiríonn an cinneadh chun luachanna ár stoc folaíochta a ísliú na coigeartaithe suntasacha anuas i luachanna a léiríodh i gceantanna poiblí tar éis Meán Fómhair 2008 agus go luath i 2009, i dteannta ár meastachán féin ar luach eacnamaíoch na sócmhainní don chomhlacht.

RÁITEAS AN RIALATHÓRA AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Thar ceann an bhoird, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád ar bun agus a oibriú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil ar earráidí ábhartha.

Áirítear an méid seo a leanas i measc na bpríomh nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mbord chun rialaithe inmheánaigh airgeadais a sholáthar:

- Struchtúr eagraíochta a bheadh sainmhínithe go soiléir le deighilt cuí dualgas ar fud na heagraíochta.
- Tá nósanna imeachta sainiúla soiléir i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, adhmhálacha agus párolla a rialú.
- Cuireadh an fheidhm iniúchta inmheánaigh amach ar conradh agus tuairiscíonn chuig an gcoiste iniúchta. Áirítear ceathrar stiúrthóirí ar an gcoiste iniúchta; casann siad le chéile ar bhonn rialta chun rialaithe airgeadais a athbhreithniú.
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mbord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin na cuideachta.
- Comhlíonann an cchuideachta le nósanna imeachta diúscartha sócmhainní mar atá leagtha amach i gcód cleachtais le haghaidh rialachais comhlachtaí stáit.
- Rinne an chuideachta athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i 2008.

STAILEANNA

Is é Invincible Spirit fós an stail is fearr atá againn. Shíolraigh sé níos mó capall d'ardchaighdeán, cé gur gineadh go saor iad, agus breathnaímid amach romhainn ar sleachta na láracha atá ag feidhmiú i bhfad Éirinn níos fearr le blianta beaga anuas de réir mar a d'ardaigh táillí graí.

Is stail den scoth é Verglas agus tá ag éirí go maith lena chéad shliocht le Silver Frost ag baint amach Clasaic 2009 agus tá ag éirí go maith freisin le Elusive City, Seaimpín Eorpach na n-Athairstail Céad bhliana lena chéad shliocht capall dhá bhliain d'aois lena n-áirítear buaiteoirí den scoth ar nós Soul City agus Elusive Wave, buaiteoir clás aice 2009.

Bhí an rath ar Indian Haven tar éis deiseanna teoranta lena chéad shliocht a ghin dhá bhuaiteoir Grúpa. Tá ionadh orm i gcónaí ar an drogall ar phóraitheoirí a bhíonn ag iarraidh capall rása den scoth a shíolrú nach mbaineann úsáid as Celtic Swing atá in athuair, agus mar is gnách leis, tar éis sárshearraigh a ghiniúint

Tá áthas orainn aitheantas a thabhairt don tacaíocht ó chomh-úinéirí ár staileanna. Is mar gheall ar chabhair na scairshealbhóirí sna staileanna sindeacáite amháin a éiríonn leis na staileanna, chomh maith le póraitheoirí tráchtála agus úinéirí-póraitheoirí a leanann de bheith ag cur láracha in áirithint leis na staileanna bunaithe thuasluaite agus lena héilitheoirí óga Rakti, Jeremy agus Amadeus Wolf.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STOIC FOLAÍOCHTA EILE

Léiríonn tagairt do Ghraí Náisiúnta na hÉireann mar phóraitheoir rathúil ar leathanaigh rásaíochta an nuachtáin an rath a bhaineann le hinfheistíocht Graí Náisiúnta na hÉireann i láracha deá-shíolraithe le blianta beaga anuas agus cheiliúramar rath buaiteoir na nGeallrás Grádaithe iolrach Daytona (ag Indian Ridge ó Kyka) ach go háirithe a bhfuil sé Rás Grádaithe buaite aige sna Stáit Aontaithe ina raibh dhá ceann díobh ag Grád 1. I dteannta le Suailce, ar le húinéirí Graí Náisiúnta na hÉireann í. Ba bhuaiteoir den scoth í anseo sa bhaile ag rásaíocht i ndathanna H.E. the President agus traenáilte ag ár stiúrthóir Dermot Weld. Leanfaidh sí ar aghaidh ag rásaíocht i 2009 mar láir ceithre bliana d'aois agus ba chóir go mbeadh sí mar láir shíolraí óchta álainn do Ghraí Náisiúnta na hÉireann i ndiaidh a scoir.

Bhí an fhís chéanna ag gach duine a bhí páirteach sa chomhlacht agus ag ár gcliaint Clann Tsui, sé sin go mbeadh an rath céanna ar Sea the Stars, a rugadh is a tógadh ar an bhfeirm, is a bhí ar a leathdhreatháir cáiliúil Gailileo. Fíoraíodh an aisling ar bhealach iontach i mbliana de bharr scileanna an traenálaí John Oxx, iar Chathaoirleach na Cuideachta, ag buachan Guiní agus Dearbaí 2000 Shasana, rud nach ndearna ach capaill amháin eile le scór bliain anuas. Thar cheann an Bhoird ar fad cuirimid comhghairdeas in iúl do na daoine go léir lena mbaineann. Tá bród ar Ghraí Náisiúnta na hÉireann go raibh sé de phribhléid againn a bheith bainteach i dtógáil Seaimpín iontach.

Luaigh mé anuraidh go rabhamar dóchasach moltaí a thabhairt chun cinn chun cúnamh a thabhairt do dhaoine eile a bheith rannpháirteach mar infheisteoirí sa tionscal póraithe. Chuireamar siar ár gníomhaíochtaí sa réimse seo ag tabhairt cúrsaí margaidh agus an t-atmaisféar eacnamaíoch neamhchinnte i láthair na huaire san áireamh.

TURASÓIREACHT

Ag breathnú siar, d'éirigh go maith lenár gnó turasóireachta. Bhí líon na gcuairteoirí agus feidhmíocht trádála ag leibhéal inghlactha ach tá an léargas don bhliain reatha sa réimse á ngardáil chomh maith.

CÚRSA PÓRAITHE CAPAILL FOLAÍOCHTA GHRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Má tá ár dtionscal chun a rathúnas a chur chun cinn sa fadtréimhse beidh daoine ard-spreagtha agus ard-oilte de dhíth orainn. Tá an cúrsa seo, agus tionscnaimh mar Chlár Darley Flying Start, riachtanach agus tá an Bord tiomanta cur le oideachas na ndaoine óga seo atá mar chuid riachtanach do thodhchaí ár dtionscal, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

LÉARGAS

Is léir dúinn mar chuideachta go mbeidh dúshláin airgeadais dosheachanta amach romhainn i dtionscal a bhfuil deacrachtaí móra aige. Aithnímid go bhfuil an timthriall táirgíochta fada agus nach dtarlóidh filleadh ar chobhsaíocht airgeadais láithreach. Tá go leor gaolmhairíochtaí dearfacha againn lena n-áirítear foireann spreagtha agus oilte agus scairshealbhóir tacúil. Caithfimid roinnt cinntí deacra a dhéanamh ach cosúil le tionscail eile cuirimid fáilte roimh iarrachtaí an Rialtais chun cothromaíocht fhoriomlán a ath-bhunú sa ngeilleagar.

Ag leibhéal sainiúil an tionscail leanaimid orainn ag tabhairt tacaíochta d'iarrachtaí Rásaíocht Capall Éireann chun maoiniú rásaíochta na hÉireann a chur ar bhonn inbhuanaithe fadtréimhseach. Ar an mbonn céanna tá iarrachtaí ceannairí an tionscail sa Ríocht Aontaithe a thugann aghaidh in athuair ar leibhéil ísle airgid duaise na Ríochta

Aontaithe riachtanach do thionscal capaill folaíochta na hÉireann mar is í an Ríocht Aontaithe ár margadh onnmhairithe is mó.

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a gabháil, arís eile, le mo Chomhaltaí Boird eile agus lenár Rúnaí John McStay as a dtacaíocht, agus don fhoireann ar fad as ucht a ndianoibre agus a dtiomantas. Agus ar deireadh ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta, agus buíochas an Bhoird, a ghlacadh lenár Roinn urraíochta agus ár nAirí reatha agus roimhe seo. Is mór againn a dtacaíocht leanúnach mar aon le tacaíocht leanúnach a bhfoireann .

An Bhantiarna O' Reilly
Cathaoirleach

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

TORTHAÍ, DÍBHINNÍ AGUS CÚLCHISTÍ

Ba é €2,325,127 (2007: €11,612,782 brabús) an caillteanas ó ghnáth ghníomhaíochtaí roimh cháin. Ní mholann na stiúrthóirí go ndearbhófaí díbhinn (2007: €Nialas) nó aistriú chuig cúlchistí (2007: €Nialas).

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS ATHBHREITHNIÚ AR AN nGNÓ

Is é príomh ghníomhaíocht an tionscail ná graí fheirmeoireacht agus turasóireacht ghaolmhar. Déileáltear le torthaí na ngníomhaíochtaí seo i ráiteas an Chathaoirligh atá in éineacht leis an tuarascáil seo.

ATHBHREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA

Thabhaigh an chuideachta caillteanas oibriúcháin don bhliain de €3,133,995 (2007: €362,866).

RIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Is é straitéis na cuideachta staileanna d'ardchaighdeán a sheasamh agus capaill rásaíochta a bheadh ábalta dul san iomaíocht i rásaí d'ardghrád a phórú agus saoráid turasóireachta ar ard chaighdeán a chur i bhfeidhm.

Tá feidhmíocht na cuideachta ag brath go mór ar shláinte agus ar cháil na staileanna agus ar éileamh an mhargaidh dá seirbhísí agus ar leanúint ar aghaidh an leibhéil reatha taistil a bhaineann le turasóireacht idirnáisiúnta.

Is deacair na rioscaí atá os comhair na cuideachta a thomhas ach baineann siad go príomha le galair ainmhithe a chuirfeadh srian ar ghluaiseacht/thaisteal ainmhithe agus ar thurasóirí ag tabhairt cuairte ar áitreabh na cuideachta.

Mar gheall ar nádúr an tionscail ina bhfuil an chuideachta ag feidhmiú is iad méid agus amú na n-ioncam sa todhchaí an neamhchinnteacht is mó ag an gcuideachta fós.

IMEACHTAÍ Ó DHEIREADH NA BLIANA

Ní raibh aon imeachtaí ar fiú aird a thabhairt orthu.

FORBAIRTÍ SA TODHCHAÍ

Níl aon phleananna móra forbartha ag an gcuideachta.

SCAIRCHAIPITEAL

Tá an úinéireacht thairbhiúil an scair chaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Airgeadais.

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Admhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh na cuideachta. Ní féidir leis an gCóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharthacha.

Áirítear na nósanna imeachta tábhachtacha seo a leanas atá curtha i bhfeidhm ag an mBord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar:

- Struchtúr Bainistíochta sainmhínithe go soiléir ina bhfuil deighilt dualgas cuí ar fud na heagraíochta.
- Córas búiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mbord.
- Athbhreithnithe rialta ag an mbord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséad.
- Nósanna imeachta i bhfeidhm atá sainmhínithe go soiléir le ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus pá-rolla a rialú.
- Áirítear sa choiste iniúchta ceathrar stiúrthóirí a thagann le chéile ar bhonn rialta chun rialaithe airgeadais a athbhreithniú.
- Pléfidh an bord na rioscaí suntasacha gnó agus glacfaidh siad cinntí de réir na comhairle is fearr atá ar fáil.
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm faoi láthair agus foilsithe ar láithreán gréasáin na cuideachta.

Deimhníonn an bord gur déanadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008.

Níl an bord ar an eolas faoi aon laigeachtaí sa chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh as a raibh caillteanas ábhar nó teagmhasacha nó neamhchinnteachtaí a dteastóidh nochtadh sna ráitis airgeadais fúthu.

STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí atá ann faoi láthair liostaithe ar leathanach 2. Ní raibh aon athrú ar an mbord i rith na bliana.

LEABHAIR CHUNTAIS

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcloítear le hAlt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ná foireann chuntasaíochta cháilithe chuí a fhostú agus córais chuntasaíochta ríomhairithe a chothabháil. Tá leabhair chuntais na cuideachta coinnithe i dTulaigh, Co. Chill Dara.

INIÚCHÓIRÍ

Chuir na hiniúchóirí, Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Áirítear an chuideachta mar cheannaitheoir liostaithe earraí agus seirbhísí i sceideal an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus atá faoi réimse freagrachtaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002. Dé réir an Achta agus na treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, soláthraítear an t-eolas seo a leanas.

Is é polasaí scríofa na cuideachta ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Sa chás go bhfuil conradh scríofa ann íoctar sonraisc de réir téarmaí an chonartha. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh de réir an Achta a chinntiú ní féidir leo ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Níor íocadh aon ús i rith na bliana.

Arna síniú thar cheann an Bhoird:

An Bhantiarna O'Reilly	J. Beecher	J. Osborne
Stiúrthóir	Stiúrthóir	Stiúrthóir

1 Iúil 2009

Deloitte

Deloitte&Touche
Cuntasóirí Cairte &
Iniúchóirí Cláraithe

TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA.

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2008 atá comhdhéanta den Chuntas Brabúis agus Caillteanais, An Clár Comhardaithe, Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na mBeartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara 1 go 24. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta.

Cuirtear an tuarascáil seo ar fáil do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gComhlachtaí 1990. Tugadh faoinár obair inúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua do chomhaltaí an Chomhlachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo agus do na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na n-Iniúchóirí faoi seach
Tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, mar atá leagtha amach i Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, de réir dlí infheidhme agus de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta arna eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.)

Is é ár bhfreagracht mar iniúchóirí neamhspleácha ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialála iomchuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht. (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir de réir Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gComhlachtaí 1963 go 2006. Tuairiscímid freisin díobh cibé inár dtuairim: ar choinnigh an Chuideachta leabhair chuntais chuí; cibé, ag dáta an chláir comhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn cruinniú ginearálta urghnách na Cuideachta a thionól.

Sa bhreis leis sin, luaimid cibé an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta leis na leabhair chuntais.

Tuairiscímid freisin díobh, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Tá Tuarascáil na Stiúrthóirí léite againn agus breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil más feasach dúinn aon mhíráiteas laistigh de. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Ar leanúint ar an gcéad leathanach eile/

Baill de
Deloitte Touche Tohmatsu

Deloitte

/Ar lean ón leathanach roimhe seo

TUARASCÁIL NA N-IÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOMHLACHT GRAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN TEORANTA

Déanaimid athbhreithniú ar iarratas óna Stiúrthóirí, cibé an léiríonn an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh mar atá luaite sa Rialú Airgeadais Inmheánaigh i dTuarascáil an Stiúrthóra comhlíonadh an Bhoird maidir le foráil an Chóid Sárchleachtais do Rialachas gComhlachtaí Stáit atá sonraithe d'fhonn a n-athbhreithnithe ag iniúchóirí agus tuairiscímid mura ndéanann na ráitis sin. Níl sé de cheanglas orainn breithniú a dhéanamh cibé an gcuimsíonn Ráitis an Bhoird ar rialú inmheánaigh na rioscaí agus na rialaithe riachtanacha, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh nó a nósanna imeachta maidir le riosca agus rialú.

Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Rinneamar ár iniúchádh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna eisiúint ag an mBord um Cleachtais Iniúchóireachta. Déantar mar chuid den iniúchóireacht, scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Áirítear air freisin measúnú ar na meastúcháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na Stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an ghrúpa, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh agus cuireadh i gcrích ár iniúchadh sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dhóthain fianaise a chur ar fáil dúinn chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, a d'eascródh ó chalaois, ó mhírialtacht nó ó earráid. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, mheasamar leordhóthanacht fhoriomlán thíolacadh na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Inár dtuairim:

- Tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, ar staid chúrsaí na Cuideachta ag 31 Nollaig 2008 agus ar caillteanas don bhliain dár chríoch amhlaidh; agus
- ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachta 1963 go 2006.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bhí riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Inár dtuairim choinnigh an Chuideachta leabhair chuntais chuí. Tagann clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa Chlár Comhardaithe níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbunús sin ní raibh staid airgeadais ann ag 31 Nollaig 2008 a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól.

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

1 Iúil 2009

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a measfar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

BONN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta a nglactha go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2006. Is iad na caighdeáin cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.Cuireadh leasú ar chinnteidil Achtanna Cuideachtaí áirithe an gnó a léiriú níos cuí.

AN COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

